



Tionscnamh Cónaithe na nEalaíon san Oideachas i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna

Tá lainseáil Clár Cónaithe BLAST na nEalaíon san Oideachas 2022 á fógairt ag an Roinn Oideachais, ina mbeidh suas le **425 Clár Cónaithe nua de chuid na nEalaíon san Oideachas** i scoileanna gach bliain.

Is é aidhm an tionscnaimh seo ná chun tacú le comhtháthú na bprionsabal agus na bpríomhscileanna atá leagtha amach i g*Cairt na hEalaíon san Oideachas* agus i gClár Éire Ildánach (2017-2022), Crann Taca 1 Óige Chruthaitheach.

Is é aidhm na scéime seo ná an deis a thabhairt do dhaltáí i scoileanna ar fud na tíre obair a dhéanamh le healaíontóir gairmiúil ar thionscadail ar leith a bheadh á dtionscnamh agus á bpleanáil idir an t-ealaíontóir, an múinteoir agus an scoil faoi chomhordú Líonra ITOÉ, Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann de 21 ionad oideachais lánaimseartha. Tugann an tionscnamh seo tacaíocht do leanaí agus do dhaoine óga le haghaidh na todhcháí, ina mbeidh ríthábhacht le scileanna cosúil leis an gcumas le teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le daoine eile, tabhairt faoin smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil agus an uileghabhálacht a chleachtadh ag gach leibhéal, le go mbeidh síocháin, cobhsaíocht agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cothromas ann.

Is é atá beartaithe ná próiseas ar leith atá níos éifeachtaí ina ndéanann scoileanna iarratas ar ealaíontóir ar Chlár Ealaíontóirí Faofa Ar Líne atá oilte cheana féin don Chlár Cónaithe BLAST nua de chuid na nEalaíon san Oideachas atá á bhainistiú ag an ionad oideachais áitiúil. Íocfaidh an t-ionad oideachais an t-ealaíontóir freisin a bhainfidh níos mó den ualach riaracháin a bhíonn ar mhúinteoirí agus ar scoileanna.

Conas a oibreoidh an tionscnamh Cónaithe BLAST seo?

An tIonad Oideachais:

Cé go mbeidh an clár á chomhordú go náisiúnta ag bunáit riaracháin na nEalaíon san Oideachas atá lonnaithe san Ionad Oideachais i dTrá Lí, déanfaidh scoileanna iarratas ar chlár cónaithe BLAST na nEalaíon san Oideachas chuig an ionad oideachais lánaimseartha atá ina gceantar, bunaithe ar an gClár Ealaíontóirí Faofa Ar Líne. Déanfar clár na n-ealaíontóirí faofa i ngach ionad oideachais a eagrú de réir ealaíontóra agus disciplín, beidh an taithí oiliúna ábhartha atá ag teastáil agus atá faofa san áireamh, samplaí d'obair a rinneadh roimhe seo agus samplaí de thaithí ábhartha nó ghaolmhar i gcomhthéacs oideachais agus pobail.

Tá os cionn 300 ealaíontóir oilte agus cláraithe faoi láthair ar an gClár Ealaíontóirí Faofa Ar Líne atá á bhainistiú ag líonra na n-ionad oideachais go náisiúnta. Beidh gach ealaíontóir tar éis a bPolasaí Dea-Chleachtais um Chumhdach Leanaí (ina bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí) a chur isteach agus a nDeimhniú gur chuir siad an modúl oiliúna um Thús Áite do Leanaí i gcrích chuig an ionad oideachais.

An rud atá beartaithe ná próiseas ar leith atá níos éifeachtaí a bheith ann nuair a dhéanann scoileanna iarratas ar ealaíontóir faoi Chlár Cónaithe BLAST na nEalaíon san Oideachas. Eagróidh an t-ionad oideachais go n-íocfar an t-ealaíontóir freisin, a bhainfidh níos mó den ualach riaracháin a bhíonn ar mhúinteoirí agus ar scoileanna.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:

Déanfaidh an t-ionad oideachais i gcomhar leis an scoil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a eagrú leis an ealaíontóir d'ealaíontóirí le haghaidh na n-iarratas scoile a n-éiríonn leo. Is féidir le scoileanna astu féin (más mian leo) iarraidh ar an ealaíontóir iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun obair a dhéanamh go sonrach ina scoil.

Na hEalaíontóirí:

Beidh ealaíontóirí as aon disciplín ealaíonta atá oilte i gcomhpháirtíocht chun obair i scoileanna cláraithe le gach ceann den 21 ionad ITOÉ lánaimseartha. San áireamh sna disciplíní ealaíonta tá na hamharc-ealaíona, an cheardaíocht, ceol, damhsa, drámaíocht, litríocht agus scannánaíocht. Déanfar na disciplíní cruthaitheacha a leathnú de réir mar a fhorbraíonn an clár cónaithe sna blianta amach romhainn.

Bhí na healaíontóirí ar an gClár Ealaíontóirí Faofa oilte roimhe seo agus beidh siad tar éis páirt a ghlacadh i gclár chónaithe scoileanna faoin FGL um Chomhpháirtíocht Múinteoirí-Ealaíontóirí agus tionscnamh Cónaithe nó na hEalaíona i gClár na Sraithe Sóisearaí atá faofa ag an Roinn Oideachais agus faoina treoir.

An Scoil:

Ní mór do na scoileanna a bheith i gceantar an ionaid oideachais lánaimseartha áitiúil. Ní féidir le scoileanna ach iarratas amháin a chur isteach. Ba chóir do scoileanna a n-ealaíontóirí a roghnú iad féin ar an gClár Faofa, bunaithe ar CVanna/ar shamplaí d'obair a rinneadh le déanaí, ar oiliúint agus ar mholtaí. Tá ealaíontóirí curtha ar an gClár Faofa bunaithe ar oiliúint san ionad oideachais (TAP) chomh maith le cé chomh hoiriúnach agus atá sé/sí/an cháilíocht ealaíonta etc. agus gur tharla sé roimh ré lena chinntiú go sásaíonn an t-ealaíontóir roghnaithe polasaithe na scoile maidir le pearsanra seachtrach a fhostú.

A luaithe agus atá scoil faofa don scéim, tá an scoil tiomanta don ealaíontóir, a bheidh tar éis an t-am sin a chur i leataobh don tionscadal agus a d'fhéadfadh obair eile a dhiúltú i rith na n-amanna atá sceidealaithe le hobair a dhéanamh leis an scoil.

Spreagann an tionscnamh seo iad seo a leanas:

- Scoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, nach raibh an deis acu le déanaí páirt a ghlacadh ina leithéid de thionscnaimh chruthaitheacha, le hiarratas a dhéanamh.
- Scoileanna a thugann tacaíocht don chuimsiú agus do rannpháirtíocht mhéadaithe na n-ealaíon san oideachas le scoláirí as cúlraí faoi mhíbhuntáiste agus le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, le hiarratas a dhéanamh.
- Scoileanna a bhfuil cuntas teiste acu sa chomhpháirtíocht múinteoirí-ealaíontóirí ag obair sa seomra ranga agus sa scoil, le hiarratas a dhéanamh.
- Tiomantas na scoile uile don tionscadal, ach níl sé riachtanach go n-oibríonn na ranganna ar fad leis an ealaíontóir.
- Ba chóir go gcuirfeadh na tionscadail san áireamh curaclaim ábhartha na scoile de réir mar is cuí agus díriú ar an bpróiseas.

Maoiniú Chlár Cónaithe BLAST na nEalaíon san Oideachas:

Is é táille an ealaíontóra €1,000 do gach clár cónaithe. Tá an maoiniú seo á chur ar fáil ag an Roinn Oideachais trí gach ionad oideachais. Íocfaidh an t-ionad oideachais an t-ealaíontóir i gcomhréir leis na treoirlínte comhaontaithe tar éis meastóireachtaí an ealaíontóra agus an mhúinteora/na scoile a chur isteach agus a fháil. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh íocaíocht dhá thráthchuid de €500 i gceist leis an gcomhaontú.

Déanfar an t-ealaíontóir a mhaoiniú ar feadh 20 uair an chloig theagmhála, chomh maith le 6 uair an chloig le haghaidh am pleanála/forbartha/athbhreithnithe. Ní mór do na scoileanna a ghlacann páirt íoc as na hábhair a bhaineann leis an tionscadal agus chomh maith leis sin chun an tionscadal a thaifeadadh trí ghrianghraif etc. agus as aon chostais eile a bheidh i gceist, costais árachais san áireamh. Is féidir cláir chónaithe mhaoinithe a chur i gcrích i rith ná a bliana acadúla ag tosú sa Deireadh Fómhair a dhéantar an clár cónaithe a fhaomhadh.

Ní mór do scoileanna aitheantas a thabhairt don Roinn Oideachais agus don ionad oideachais áitiúil i ngach poiblíocht a bhaineann leis an tionscadal.

Beidh ar scoileanna a n-éiríonn leo conradh gearrthearma a shíniú lena n-ionad oideachais áitiúil ag glacadh le téarmaí Chlár Cónaithe BLAST na nEalaíon san Oideachas sula dtosaíonn siad an clár cónaithe. Níor chóir go mbeadh tús curtha le clár chónaithe a n-éiríonn leo go dtí go bhfuil fógra oifigiúil i scríbhinn chun dul ar aghaidh faighte acu ón ionad oideachais agus nuair atá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích agus go bhfuil sé seo curtha in iúl don scoil.

Is coinníoll ar leith den chlár cónaithe seo go n-oibríonn múinteoir go dlúth agus i gcomhar leis an ealaíontóir chun an taithí foghlama a phleanáil agus go bhfuil sé/sí i láthair an t-am ar fad leis an ealaíontóir agus é/í ag obair le scoláirí sa scoil chun cur le níos mó comhpháirtíochtaí múinteoirí-ealaíontóirí. Beidh scoileanna freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an clár cónaithe comhairle ábhartha na Sláinte Poiblí nuair atá an tionscadal ar bun.

Meastóireacht:

Cuirfidh an t-ionad oideachais na meastóireachtaí riachtanacha i bhfeidhm do Chláir Chónaithe na nEalaíon san Oideachas. San áireamh anseo beidh cuairt go dtí an scoil, Foirm Aiseolais an Mhúinteora/na Scoile agus Foirm Aiseolais an Ealaíontóra a chomhlánú agus a chur ar ais. Íocfar an dara tráthchuid de tháille an ealaíontóra nuair a chuirtear isteach na tuarascálacha deiridh.

Is féidir aon íomhánna a chuireann an scoil isteach sna tuarascálacha nó nuair a chuireann siad an tionscadal i gcrích, a úsáid leis an scéim a chur chun cinn trína bpriontáil nó trí na meáin eile lena n-áirítear na meáin shóisialta. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh cead ag na scoileanna lena leithéid d'íomhánna a úsáid, agus tabhair faoi deara sna foirmeacha ceada go mbeidh siad in úsáid chun na críche seo, agus ná cuir aon íomhánna go dtí an t-ionad oideachais ach amháin nuair atá cead ó thuismitheoirí faighte.

Treoirínte le hlarratas a Dhéanamh:

Nóta ar Threoir Sláinte Phoiblí a bhaineann le COVID-19: Ba chóir do scoileanna na tograí a bhunú ar an gcomhairle agus treoir sláinte phoiblí is fearr atá ar fáil nuair a dhéantar an t-iarratas.

Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh in iarratais chomhlánaithe

- Foirm iarratais chomhlánaithe
- Togra i scríbhinn don tionscadal ina gcuirfeadh in iúl aidhmeanna an tionscadail, an téama, na hábhair, na próisis, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, an inseachadtacht, líon na n-uaireanta teagmhála agus líon na ranganna agus na ndaltaí a bheidh rannpháirteach sa tionscadal.
- Cuir in iúl freisin an sceideal fráma ama atá beartaithe agus an modh pleanáilte le taifeadadh a dhéanamh ar an tionscadal.

- Ba chóir go léireodh an togra tiomantas na scoile uile don tionscadal. (Ní chiallaíonn sé seo go gcaithfidh na leanaí ar fad a bheith rannpháirteach sa tionscadal, seachas sin, ba chóir go dtabharfadh an scoil uile tacaíocht agus a bheith solúbtha leis an tionscadal a éascú).
- **Osclóidh na hiarratais ar an 25^ú Bealtaine 2022. Is é an dáta deiridh an 30^ú Méan Fómhair 2022.**

Beidh tacaíocht á fáil ag an tionscnamh seo ó líonra n-ionad oideachais ITOÉ, FGL um Chomhpháirtíocht Múinteoirí-Tuismitheoirí, na hEalaíona sa tSraith Shóisearach, Clár um Rannpháirtíocht Chruthaitheach an NAPD agus Tairseach na nEalaíon san Oideachas.